



Rang 1 & Rang 2
Eolaíocht





Solas

Tá cúig chéadfaí ag an gcolainn daonna: éisteacht, boladh, blas, tadhall agus radharc. Cuimhnímis ar radharc na súl sula mbeidh roinnt spraoi againn ar ball!

Tá radharc againn a bhuí lenár súile. Ach ní féidir linn rudaí a fheiceáil gan solas. **Gluaiseann solas i línte díreacha agus nuair a bhuaileann sé in aghaidh ruda, frithchaitear an solas, nó preabann sé as an rud, agus imíonn sé isteach inár súile. Cruthaíonn an inchinn íomhánna ón solas ansin!**

01 Conas a fheiceann na súile na leabhair thíos? Cén treo a ghluaiseann solas, an gceapann tú, ionas gur féidir linn leabhar a fheiceáil? A nó B?





Solas

An bhfuil an freagra agat?

Tá Pictiúr A mícheart. Ní shoilsíonn solas amach ónar súile! Seans go bhfuil scannáin nó cartúin feicthe agat ina soilsíonn solas ó shúile dhuine ach ní tharlaíonn sin sa ghnáthsaoil.

Pictiúr B atá ceart. **Lonraíonn solas na gréine ar na leabhair, ansin preabann an solas (frithchaitear é) ó na leabhair isteach inár súile.** Cuimhnigh: gluaiseann solas i línte díreacha i gcónaí.

Seo an fáth nach féidir leat aon rud a fheiceáil i seomra dorcha. Tá gá le solas chun preabadh as rud ionas go mbeimid in ann an rud sin a fheiceáil.



Cleachtadh Frithchaithimh

Tá rudaí áirithe níos fearr ag frithchaithimh solais ná rudaí eile. Seo an fáth go caithimid éadaí frithchaiteacha nuair atáimid amuigh ag siúl nó ag rothaíocht. Tá na héadaí seo níos fearr chun solas a fhrithchaitheamh ná gnáthéadaí.

Ach ní bhíonn éadaí frithchaiteacha geal ach nuair a lonraíonn solas orthu! Gan solas ar bith, ní bheadh aon rud le frithchaitheamh ag na héadaí. An féidir leat smaoineamh ar fhrithchaiteoirí maithe eile?

01 Cad is ainm don fhrithchaiteoir mór atá le feiceáil sa spéir istoíche?

02 An bhfuil fhios agat céard a ghlaotar ar an rud seo?

← Leid: tá sé níos éasca iad a fheiceáil istoíche.

03 Ainmnigh trí rud eile ar fhrithchaiteoirí maithe iad?





Cleachtadh Scátháin

Ceann de na rudaí is fearr chun frithchaithimh is ea scáthán. Toisc go mbíonn dromchla mín ar an scáthán preabann go leor solais ar ais uaidh agus is féidir íomhánna soiléire a fheiceáil dá bharr.

Ós rud é go ngluaiseann solas i línte díreacha, nuair a fhrithchaitear rud áirithe, bíonn an chuma air an rud sin go mbíonn sé malartaithe thart. Féach ar scáthán agus tabhair faoi deara go mbeidh an íomhá malaraithe thart.

Anois, féach an bhfuil tú in ann a rá cén chuma a bheidh ar an íomhá thíos sa scáthán! Cuimhnigh go mbeidh sé malartaithe thart.

Find a mirror copy of the image, write in the number

1

2

3

4

5

6



Cleachtadh


Ag teastáil: Páipéar, peann luaidhe nó peann, agus scáthán. Faigh cead sula n-úsáidfidh tú an scáthán!

Anois, bainimis triail as rud éigin níos deacra: scríbhneoireacht scáthánach! An féidir leat focal a scríobh a mbeidh an chuma chéanna air nuair a chuirfidh tú é os comhair scátháin?

Seo sampla chun tú a spreagadh. Scríobh amach CHECKED OK i gceannlitreacha ar an leathnach. Le hais leis, scríobh ALL WRONG.

CHECKED OK ALL WRONG

Anois cuir an leathnach os do chomhair ar nós go bhfuil tú á léamh. Anois, cuir an leathnach os comhair scátháin agus tabhair faoi deara an méid go bhfeicfidh tú.





Cleachtadh

Nach ait é? Ós rud é go bhfuil na litreacha in CHECKED OK **mar an gcéanna** nuair atá siad bun os cionn, tá tú in ann iad a léamh i gceart tríd an scáthán.

Anois scríobhaimis roinnt focal eile ar féidir iad a léamh i gceart tríd an scáthán. Mar chúnaimh duit, seo thíos aibítear scáthánach.

M I R R O R
W I B B U B

A L P H A B E T

A B C D E E G H I J K L M N O P O B S T U V W X Y Z 0 1 2 3 4 5 6 7 8 9



Seans go bhfuil tú den tuairim nach mbaintear aon leas as an scríbhneoireacht sa ghnáthsaol ach ní fíor sin. Baineann tiománaithe otharchair leas as chun tiománaithe eile a chur ar an airdeall.

Nuair a fheiceann tiománaí otharcharr sa scáthán cúil, feiceann siad an focal AMBULANCE. An-chliste!



Freagraí Friticheaite: 1) An ghealach! Tá an ghealach an-ghéal toisc go bhfrithcheaithneann sí solas ón ngrian. 2) Súile an Chait a thugtar orthu seo agus bíonn an chuma seo orthu istoiche. Lonraíonn súile cait go géal istoiche chomh maith.

Mirror Picture Exercise: Pictiúr 5